ÁRA ṀÓR

Nuair a d'iarr an Coiste Forbarṫa ar an Ċomhairle Condae banaltra a ċeapaḋ gan ṁoill, do Oileán Árann. Ní ḋearna siad aċ é ċur ar an ṁéar fada agus iarraiḋ ar eagras Béarla, an Iubáile Nursing, banaltra a ċur go hÁrann.

Cad ċuige gur ċeart do ṗobal Gaeltaċta atá ag íoc rátaí, a beiṫ i muinín dream Béarla ċun banaltra a ċur ċucu, nuair atá ceart acu ar an seirḃís banaltraċta seo ón Ċomhairle Condae, a bhfuil siad ag íoc a gcuid rátaí ċucu.

Tá dualgas cinnte ar an Ċomhairle Condae, seirḃís banaltraċta a ċur ar fáil in áit mar Árainn Ṁór, agus níl siad dá ḋéanaṁ.

Tá an scéal i ḃfad níos measa anois, toisc go raiḃ taisme ag an Dr. T. Ó Cruaḋlaíoċ, Ára Ṁór, agus tá beagnaċ 1,000 duine istiġ anseo anois, gan doċtúir gan banaltra. Freastalaíonn an Dr. M. Ó Domhnaill, ón Ċloċán Liaṫ, ar ċúrsaí an oileáin, ċom maiṫ agus ṫig leis, aċ, is fada ar ṡiúl an Cloċán Liaṫ, agus ní ṫig le duine ar biṫ a beiṫ cinnte don aimsir.

Is millteanaċ an rud naċ bhfuil banaltra ag obair fós ar an oileán, agus go bhfuil beirt in áiteaċa eile.

Tá Séamas Ó Domhnaill agus a ḃean, as Léab Rannaċ, ar siúl go Chicago, le saoire a ċaiṫeaṁ lena gceaṫrar mac, Séamas, Aoḋ Caṫal agus Seán.

Comhgháirdeas le Niall Ó Baoill as Aṫport, atá indiaiḋ tráiléir iascaireaċta úr a ċeannaċt. Bád mór 30 troiġ atá ann, le leaṫdeic, agus tá sí úr nua déanta.

Cúis bróin ar an oileán anseo an scéala go bhfuair Antoin Mac an Báird, as Fál a' Gabann, bás ag Coatbridge in Albain. Ḃí sé 66 bliana d'aois, agus níṫear comhbhrón lena ḃean agus a triúr mac.

Ḃí buaireaṁ ar aċan duine nuair a ċuala siad an scéala as Albain fosta, go dtáinig an bás ar Pádraic Ó Gallċobair, as Na Tóraí, Árainn Ṁór, in Paislí. Níṫear comhbhrón lena dearṫár, Seán Ó Gallċobair, An Teaċ Tabairne, Ailt an Ċorráin.

ÁRA MÓR

...Ġlac Oifig na nOibreaċa Poiblí le tairiscint Seosaṁ 'Ac Grianna, conraṫóir, Cloċán Liaṫ, don deisiúċán do scoil na Leibe Gairḃe, agus beiḋ sé ag tosaiġ gan ṁoill anois, ar na deisiúċáin. Táṫar le córas uisce agus séaraċas a ċur isteaċ, insan scoil, aċ aṫ-ċóiriú a ḋéanaṁ ar na seomraí. Tá cúig seomraí san scoil san am i láṫair, aċ níl aċ beirt múinteoirí ann. Ṫit freastal na scoile ó timpeall 240 nuair a bunaíoḋ an Stát seo, go dtí timpeall 70 san am i láṫair agus b'éigin don triú múinteoir, Míċeál Ó Baoill, an t-oileán a ḟágáil, agus tá sé ag teagasc anois ins na Cealla Beaga.

Ḃí litir ag an Coiste Forbarṫa ó Comhairle Condae Ḋún na nGall a rá gur cuireaḋ a n-iarratas fá ċoinne banaltra, ċuig an Lady Dudlaí Organisation. Tá míṡásaṁ an ṁór ar fad ar an oileán go dtig leis an Comhairle Condae, dá banaltra a tabhairt i gceantar áiṫrid, aċ naċ dtig siad ariaṁ banaltra do Oileán Árann, an áit is mó a mbeaḋ banaltra ag teastáil.

Is uafasaċ an scéal é, go gcaiṫfiḋ luċt oileán Gaeltaċta a beiṫ ag braṫ ar eagras de ċuid na Sasana le banaltra a ċur ċucu, agus go ndiúltaíonn Comhairle Co. Ḋún na nGall freastal ar ceantar Gaeltaċtaċ agus ceantar mór scarṫa ón tír mór, mar Árainn.

I dTeaċ Pobail na dTír Patrún, Raṫgearr, Baile Áṫa Cliaṫ, pósaḋ Aodán Ó Gallċobair, B.A., O.S., dara mac do Ḃrian Ó Gallċobair agus a ḃean O.S., Árainn Ṁór, agus Rita Nic Gearailt, iníon don Gárda P. Mac Gearailt, naċ maireann, agus Bean Ṁic Gearáilt, Béal Áṫa na Slua, Co. na Gaillime. An tAṫair P. Ó Searcaiġ, S.C., Raṫgearr, a pós iad, le Aifreann an Ṗósta agus Beannaċt an Ṗápa. A dearṫár, Pádraic Mac Gearáilt, B.A., a ṫug an ḃrideóig le pósaḋ agus Aoḋ Ó Gallċobair, a seas le Aodán, agus Aingeal Nic Gearáilt, deirfiúr na brideóige a ḃí ag seasaṁ léi. Ḃí an ḃainis in Óstán Marine, i nDún Laoire, agus tá mí na meala dá ċaiṫeaṁ ar turas timpeall deisceart na hÉireann. Ḃí Dónall Ó Gallċobair, as Chicago, uncail do aṫair Aodán, i láṫair. Ḃí sé indiaiḋ 54 bliana a ċaiṫeaṁ i Meiriceá.

Tá Pádraic Ó Domhnaill ar siúl ar saoire gairid go Chicago.

Ar ṡiúl go Chicago fosta, tá Míċeál Ó Baoill, Fal a' Gabann. Níl Míċeál aċ 19 mbliana d'aois agus tá sé ar ṡiúl amaċ ċuig na dearṫáir, atá in graiṫítí ósta ansin.

Sa baile ar saoire in Árainn, lena ḃean, tá Pádraic Ó Gallċobair, B.E., atá ag obair le Robert McAlpine, san am i láṫair i Sasain.

Rinne an stoirm agus an dóirteaḋ fearṫana a ḃí ann, dá uair sa mí seo 'ċuaiġ ṫart doċar millteanaċ de ċuid bealtaí Árainn Ṁór. Deirtear gur dearnaḋ idir £1,000 agus £2,000 de damáiste de na bealtaí móra, agus tá sé iontaċ práinneaċ go dtabharfaḋ an Co.C., freastal díobṫa gan ṁoill. Tá bealaċ Teaċ a' tSoluis gar a beiṫ niṫe ar ṡiúl ar fad, agus níl bealaċ an Ḃaile Aird, ná bealaċ an Ulleann, mórán níos fearr.

Feirmeoirí Dún na nGall

Feirmeoirí timpeall an deiċiúcuid de ṗobal Ḋún na nGall, in iomlán tá 12,957 feirmeoirí agus a macasamhail an 6ú cuid díobṫa sin naċ bhfuil pósta. Tá faoi 20 acra ag 5.085 (46 p.c.), idir 20-50 acraí ag 4,199 (32 p.c.) agus feirmeaċa os cionn 50 acraí ag 2,793 (22 p.c.) Tá 727 le feirmeaċa idir 100-200 acraí agus 230 le feirmeaċa os cionn 200 acraí. Den 5,085 feirmeoir faoi 20 acra, tá 3,489 os cionn 55 bliana d'aois.

RANN NA FEIRSTE

Comhgháirdeaċas le Neillí Ní Ḋomhnaill (Néillí Ṁicí Ṅúdí), as Rann na Feirste, a ḃuaiġ an comórtas speisialta cniotála fá ċoinne daoine dalla i reaċtáil Comhairle Náisiúnta na nDall ar na mallaiḃ. Ḃí cliú ar Neillí le fada an lá i gcionn na ndealgán.

Tá neart oibre do ċailíní le fáil ins an ṁonarcan ag Croiċṡlí le tamall anois agus éileaṁ maiṫ ar earraí atá á ḋéanaṁ ann. Tá na hórdaiṫe ag teaċt ón tír seo agus tíorṫa ṫar sáile agus tá ag méadú ar onnmhurú na mbábóga Croiċṡlí, an t-éileaṁ ar na hearraí seo uiliġ anois fá ċoinne margaḋ na Nollag.

Ar saoire ó na Státaí Aontaiṫe ag cónaí a aṫara tá Domhnall Ó Curráin, a ċaiṫ mórán blianta ins na Stáit ag obair don Standard Oil Company.

Tá Caitlín Nic Ruaiḋrí, An Gleann, agus Mína Ní Annluain, Anagaire Ṫoir, sa ḃaile taréis seaċtain saoire a ċaiṫ siad ar turas siúil timpeall na hÉireann, Baile Áṫa Cliaṫ agus caṫraċa eile, agus tá Siún Nic Ruanḋrí, Mín na Craoiḃe, agus Síle Ní Gallċobair, Anagaire, ṫar nais taréis seaċtain saoire a ċaiṫ siad i Londain agus Glascú.

Níṫear comhbhrón le Máire Bn. Ní Anraċtaí (Ní Ḃaoill a b'ainm di roiṁ a pósaḋ) as Anagaire, ar bás a fear céile, Pádraig Ó hAnnraċtaí, in Edinburgh. Ḃí sé ina connraṫóir do Ḃárdas Edinburgh agus ḃí cuid ṁór oibriṫe agus céardaiṫe as Anagaire ag obair dó.

GLEANNḂARR

Cé go raiḃ róisteaċa gaoiṫe móire agus tuilte fearṫaine ann ní ḋearna an stoirm a ṫáinig ar na laeṫa deireannaċa de mí Ḋeireaḋ Fómhair mórán caille i nGleannḃar. Leagaḋ cúpla cruaċa féir agus dornán cruaċa coirce ṫall agus i bhfus aċ taoḃ amuiġ de sin ní ḋearnaḋ mórán damáiste. Cuid de na longa a ḃí cóngaraċ do Loċ Súilí nuair a ḃris an stoirm ṫeiċ siad isteaċ roiṁ na saoistí iargúlta a ḃí ag síobaḋ isteaċ ó ḃéal an loċa ⁊ luiġ siad ar an ḟoscaḋ go dtí gur ċiúiniġ an ḟarraige.

Tá na geaċa fiaine ag treasnú an ġleanna ar na laeṫe seo ag tarraingt ó ḋeas. Nuair a ċluin tú an gleo beag leaṫ-brónaċ dá na gcuid ċá dtig leat aċ smuainiú ar ġeaċa fiaine de cineál eile ar fad, sin na "geaċa fiaine" nó na fir sin a d'imiġ leis an tSáirséalaċ indiaiḋ Ċonnraḋ Luimniġ agus go cionn céad bliain indiaiḋ sin go dtí Mór Roinn na hEorpa, an áit ar ṫroid siad go cróḋa calma do aċan tír beagnaċ ar fud na Mór Roinne agus a d'ḟág a cnáṁa sínte i ngaċ tír ó Ḋuncirc go Béalgrád. B'í an imṫeaċt gan pilleaḋ doiḃsan é.

NA GLEANNTAÍ

Ḃí cruinniú de Ċumann Caṫal Ó Dálaiġ in Óstán Highlands, Na Gleanntaí, oíċe Aoine, agus ḃí Seosaṁ Ó Braonáin, T.D., Aire Poist agus Telegrafa agus Cormac Ó Breisleáin, Leas Ceann Ċomhairle, i láṫair, agus labair siad leis na baill.

Lean an ḟearṫain i riṫ an lae Dé Domhnaiġ agus maidin Dé Luain, anseo, agus ḃí tuillteaċa mór Dé Luain. Ḃí an Abhainn Aoḋa ag cur ṫar na bruaċa. go maiṫ, agus tuillte ar an dá ṫaoḃ de. Agus Abhainn an Ġleanna ⁊ Cill Raṫain ċom maiṫ. Ḃí tuillte ar na bealtaí móra, agus rinneaḋ damáiste do cruaċa coirce agus féir. Scuabaḋ sclátaí in áiteaċa eile.

Ḃí na scaiftí ollṁóra ag déanaṁ na gcuairteanna ar Teaċ an Ṗobail ar feaḋ an tráṫnóna Samhna, agus i riṫ an lae Lá na Marḃ. Seo déaḃóid a bhfuil na daoine iontaċ tugṫa dó le blianta anuas.

AN DAINGEAN

Comhgháirdeas le Seán Ó Bairéad, feirmeoir as Cluan Cora, Liospól, caṫaoirleaċ brainnse Iar-Ċiarraí de Ċumann Soláṫartaí Bainne, atá ainmniṫe mar ḃall den ċoiste comhairliṫeaċ an Iarṫair. Ḃí sé i láṫair roinnt blianta ó ṡoin ag comhdháil idirnáisiúnta déiríoċta in Copenhagen, agus ag a lán comhdhála eile a ḃaineas le cúrsaí talmhaíoċta.

Tá craoḃ an Daingin de Ṁacra na Feirme ag dul ar aġaiḋ le clár geiṁriḋ agus tá roinnt ṁaiṫ litreaċa fáigṫe acu ó gnóluċta talmhaíoċta faoi taispéantaisí scannán agus léaċtaí a ḃeiḋ ar siúl acu ins na míosaí seo romhainn. Ar na léaċtaí beiḋ foraoiseaċt agus plandáil crann go príoḃáideaċ. Dúirt Pádraic de Brúin, Rúnaí Onóraċa Craoḃ an Daingin, go bhfuil na gnóluċta atá ag déanaṁ éatrúnaċt ar ċraoḃ an Daingin, ana ṡásta ar fad leis an freastal ag na taispéantaisí scannán agus na léaċtaí.

Tá na préataí go léir bainte agus bailiṫe anois agus an aimsir ana oiriúnaċa ċuige, agus bíodar ċom maiṫ agus a ḃíodar le fada an lá.

I roinnt áiteaċa i gCorca Duiḃne gur baineaḋ úsáid as aol tá a ṫoraḋ sin le feiscint ar an talaṁ áit a bhfuil féar saiḃir in áiteaċa naċ raiḃ féar ar biṫ a' fás roiṁe seo.

Tá ganntanas mór aoil i gCiarraí Ṫiar ar fad. I mbliana, ins na h-áiteaċa ar cuireaḋ an t-aol seo ar an dtalaṁ, ḃí táirgeaḋ i ḃfad níos mó óna hUaċtarlanna sa ċeantar.

Ḃí suipéir agus oíċe caidrim do na sean daoine in Óstán Benner an Daingin, oíċe Domhnaiġ seo caite. Clann Ṁuire, An Daingean, a d'eagraiġ an oíċe caidriṁ, agus ḃí os cionn 160 daoine i láṫair, agus ḃain siad pléisiúr as an oíċe. Ṫug ceoltóirí agus aṁránaiṫe óga agus daiṁseoirí taispeántaisí. Ar na daoine i láṫair, ḃí an Canónaċ P. Ó Loingsiġ, S.P., ⁊ an tAṫair S. S. Ó Súilleaḃáin, S.C., Daingean. Ṫug baill de Ċlann Ṁuire buíoċas do na daoine a ċaḃraiġ i ngaċ slí agus a ḃronn duaiseanna.

An tseaċtain seo caite, d'éag Pádraic Ó Concuḃair, B.A., Múinteoir Gaeilge, i gColáiste Íde, An Daingean. D'éag sé go tobann, gan coinne leis. Sárḟear ab' ea é mar ṁúinteoir, mar Ċaitliceaċ, agus mar ṫreoraí in gaċ gluaiseaċt fiúntaċ. Ḃí sé gníomhaċ i gConraḋ na Gaeilge Glór na nGael, Léigiún Ṁuire, i gCumann Lúṫċleas Gael, agus insan Cumann Lán-Staonaċais, ċom maiṫ leis i gClub na nÓg, agus ag aṁránaíoċt sa tséipéal. Fágann sé triúr páistí ina ḋiaiḋ. Déantar comhbhrón lena ḃean, Eiblín, agus lena ḋeirfiúraċa ⁊ a páistí.

UIḂ RÁṪAĊ

Ó na Stáit Aontaiṫe ṫáinic an scéala gur éag Lil Bean Uí Conċuḃair, céile Gearóid Uí Conċuḃair, as Caṫair Saiḋḃín. Tugaḋ an corp na ḃaile ó San Francisco, áit ar éag sí tá coicís ó ṡoin. Ṫáinig sí go Caṫair Saiḋḃín Oíċe Ḋiardaoin seo caite. Ar an Aoine ċuaiġ socráid an ṁór léiṫe go dtí reilig Caol na bhFéarnóg. Deirfiúr í do Monsignor Míċeál Ó Conaill, S.P., Los Angeles, Ṡeán Ó Conaill, Carṫain, agus an banaltra Eiblín Ní Ċonaill, Caṫair Saiḋḃín, a ḃí ina máṫrún in Ospidéal Naoṁ Áine, Caṫair Saiḋḃín. Tá sé 20 blian ó d'ḟág sí Caṫair Saiḋḃín le dul go Meiriceá, áit a raiḃ sí pósta.

Ag cruinniú de Ḃord Deiscirt Ċiarraí, caiṫeaḋ amaċ diúltú a ḃí ag Fánaírí Sceilg (Port Mag Aoiḋ) i gcoinniḃ foireann Naoṁ Muire, Caṫair Saiḃín, a ḃuaiġ craoḃ Ċiarraí Ṫeas, sna Mionúir agus diúltú a ḃí ag foireann Ċaṫair Saiḃín i gcoinniḃ Fánaírí Sceilg. Caiṫeaḋ an dá ċeann amaċ.

Léiriġ an dá ċluiċe léig a ḃí le h-imirt i gCaṫair Saiḃín Dé Domhnaiġ, a ṁéid agus atá an imirce ag bánú Ċiarraí Ṫeas. Ḃí sé beagnaċ uair taréis an ama a ḃí luaiṫe, sul ar tosnaíoḋ ar an ċéad ċluiċe, toisc naċ raiḃ Naoṁ Muire innann cúigear-déag a ḟáil le h-imirt i gcoinniḃ an Corrán. Níor h-imreaḋ an dara cluiċe in aon ċor, toisc naċ dtiocfaḋ le Dairbre foireann a ċur sa ṗáirc i gcoinniḃ Snaiḋm.

D'ḟág an bás a lán daoine brónaċ buarṫa in Uiḃ Ráṫaċ le seaċtain nó dó anuas.

D'éag Áine, Bean Uí Ċaṫasaiġ (Ó Néill roiṁ pósaḋ dí) ag a cónaí féin ag Bóṫar Buí, Caṫair Saiḃín. Céile ab' ea í do Dónall Ó Caṫasaiġ. agus deintear comhbhrón leis agus lena h-iníon Máire, agus a gaolta. Tugaḋ an corp o dtí Séipéal Cuiṁneaċán Uí Ċonaill, agus ċuaiġ soċraid mór léi ó ṡin go dtí reilig Caol na bhFearnóg.

In Ospidéal Naoṁ Áine, Caṫair Saiḃín, d'éag Pádraic Cranfield, as Ardcost, Port Mag Aoiḋ. Ċuaiġ an soċraid go reilig Port Mag Aoiḋ.

Agus insan ospidéal céanna. d'éag Eiblín Bean Uí Ṡiocḟraḋa (Siggerson, roiṁ pósaḋ dí), baintreaċ Donnċa Ó Siocḟraḋa. Bas as Maolbreac, Baile an Sceilg í, an áit a raiḃ árdmeas ar a ṁuintir. Ḃí sí muintearṫa don scríḃneoir Béarla, Siggerson-Clifford. Ċuaiġ soċraid ana ṁór léi go dtí an Mainistear, i mBaile an Sceilg. Fágann sí ceaṫrar mac, seisear iníonaċ, ⁊ driṫeár aṁáin. Deintear comhbhrón leo.

AILT A' ĊORRÁIN

Ċuir Cumann Ċaṫal Ó Dálaiġ, de Sinn Féin, rún comhbhróin i bhfeiḟm le Muintir Uí Ḋuḃṫaiġ, Bráid, Ceann Caslaċ, agus Muintir Uí Ḋomhnaill, Oileán Uaiġe, ag an ċruinniú deireanaċ.

Ag freagairt ceiste ó Séamas Mac Ruaiḋrí, Co.C., faoi leictreaċas a ṫabhairt do Oileán Uaiġe, dúirt Bord Soláṫar an Leictreaċais, siocair ċom fada agus a ḃí an t-oileán ó tír mór, agus an costas a ḃeaḋ leis an leictreaċas a ṫabhairt isteaċ, go mbeaḋ ar na tiṫe ansin, trí-oiread gnáċ táille a íoc, agus nár ḃfiú an soláṫar a ṫabhairt isteaċ.

Oiliúnt Snáṁa

Sa Dáil, d'ḟiafraiġ R. Ó Maoilḃia, T.D., don Aire Oideaċas, an measann sé an mbeaḋ sé in-ṁianiṫe aiseanna fá ċoinne traenáil ábhar múinteoirí ins na coláistí oiliúna in snáṁ agus tárṫáil beaṫa, d'ḟonn agus go mbeaḋ siad ábalta daltaí a ṫeagasc amaċ anseo, agus má ċeapann, cé'n ċaoi a measann sé a dtiocfaḋ leis buntáiste a ḃaint as na seirḃísí deontaċa ċuige sin?

Ina ḟreagra, dúirt Seoirse Ó Colla, T.D., Aire Oideaċais — Beaḋ fáilte agam roiṁ socraiṫe fá ċoinne teagasc in snáṁ agus tárṫáil don a micléinn ins na coláistí oiliúna, agus tá sé i gceist agam an scéal a meas, nuair a ḃeiṫfear ag déanaṁ aṫḃreiṫniú ar clár na gColáistí Oiliúna atá i gceist go luaṫ.